Taobh Tíre

Tuairisc 8

Aibreán – Iúil 2005

Cúlra

Is é atá i dTaobh Tíre – *seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantracha tuaithe* ná treoirthionscadal atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht struchtúrtha le gníomhaireachtaí agus coistí pobail eile. Is é atá i gceist leis an tionscadal ná modhanna nuachruthaitheacha i seachadadh seirbhísí leabharlainne i measc pobal tuaithe a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm.

Seoladh na Tuairisce Eatramhaí

Ba í Máire Ní Chochláin, Aire Talmhaíochta agus Bia, a sheol an tuairisc eatramhach i Leabharlann Bhun Dobhráin, i mí na Bealtaine. Cuireadh in iúl sa tuairisc eatramhach "go bhfuil na páirtithe leasmhara ar fad ag baint tairbhe as an tionscadal seo...go bhfuil feabhas á chur ar an chaighdeán saoil agus go bhfuil deiseanna úra ar fáil maidir le foghlaim fadsaoil, caitheamh aimsire agus forbairt phearsanta." Bhí moltaí sa tuairisc fosta maidir le Tréimhse II. Agus an tuairisc á seoladh againn thug coiste meastóireachta de chuid Chiste Shochaí an Eolais cuairt ar an Chontae le hamharc ar chuid de na tograí atá ag Taobh Tíre sa chontae. Ba é an CSE a mhaoinigh na codanna sin den tionscadal a bhain le Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide. Thug an toscaireacht cuairt ar Bhaile na Finne, Árainn Mhór, agus na Cealla Beaga, agus chuaigh gach togra agus na seirbhísí atá á gcur ar fáil in achan cheantar go mór i bhfeidhm orthu.

Veain Seachadta Taobh Tíre

Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil le veain seachadta a cheannach, agus tá sin ar an bhóthar ó mhí

na Bealtaine. Tugtar cuairt ar gach ionad de chuid Taobh Tíre uair sa tseachtain, ag seachadadh agus ag bailiú ábhar a bhíonn á lorg trí WebOPAC. Cuidíonn an veain seo le seirbhís níos éifeachtaí a chur ar fáil.

Forbairt Léitheoirí

I dTréimhse II, tugadh isteach cláracha forbartha léitheoirí sna sprioc-cheantracha. Bunaíodh slabhraí léite leabhar i Míobhaigh, i gCill Charthaigh, agus ar na Cealla Beaga. Chuathas i mbun cainte fosta le Tionscadal Oideachais na bhFear i Míobhaigh. Ba é tuairim chomhordaitheoir an choiste seo gurbh fhearr a d'fhóirfeadh grúpa díospóireachta físeán na grúpa léitheoireachta, agus go spreagfadh sin an díospóireacht ar dhóigh neamhbhagrach. Amharcfaidh na fir ar fhíseáin ar cheisteanna toipiciúla agus ansin déanfaidh siad a gcuid tuairimí a phlé ar na ceisteanna seo. Cuirfidh an leabharlann tuilleadh ábhar léitheoireachta ar fáil dá mba mhian leo breis eolais a fháil ar aon ábhar.

Bunaíodh clár forbartha léitheoireachta eile i mBaile Suingean, mar atá Tionscadal na hUltaise. Is é atá i gceist leis an togra seo ná daoine óga ag déanamh taighde ar a n-oidhreacht Ultaise agus é mar sprioc acu foclóir d'fhocail agus de théarmaí áitiúla a chur i gcló. Déanfar an foclóir a fhoilsiú agus a dhíol i measc an phobail áitiúil.

Cuireadh oiliúint in úsáid ríomhphoist ar fáil do dhaoine a úsáideann an tIonad Lae i mí Aibreáin. Nuair a cuireadh isteach an ríomhaire, bhíothas ag iarraidh a fháil amach cad é mar is féidir é a úsáid le coinneáil i dteagmhail lena gcairde agus lena dteaghlaigh ar fud an domhain. Reáchtáladh cúrsa oiliúna ocht seachtaine i gcomhar leis an Choiste Gairmoideachais. Tugadh oiliúint don fhoireann ar an dóigh le

Outlook Express a úsáid agus chuir siad féin an oiliúint ar fáil do na cliantaí.

Leathnú Amach an Tionscadail

Mar chuid den ullmhúchán le Taobh Tíre a thabhairt go Tionscadal Óige Choill an Ghleanna i Leitir Ceanainn, thaistil roinnt daoine óga go dtí soláthraí leabhar i Sligeach, i gcuideachta Chomhordaitheoir an Tionscadail, le leabhair a roghnú dá n-ionad úr. Bhí na déagóirí an-tógtha faoin togra chun leabharlann a fhorbairt ina bhfoirgneamh féin agus bhain siad an sult as an turas chun leabhair a roghnú dóibh féin agus do dhaoine níos óige ná iad. Osclófar dhá ionad i Leitir Ceanainn san Fhómhar.

Athbhreithniú

Rinne Coiste Cláir Thaighde na Leabharlann Poiblí athbhreithniú ar an tionscadal i mí Iúil. Ba é seo a leanas an méid a dúirt an coiste athbhreithnithe mar fhocal scoir; “Ar fheabhas, obair luachmhar á déanamh ag an tionscadal. An-dul chun dinn déanta.”

Suímh Idirlín Phobail

Chuir An Chomhairle Leabharlanna oiliúint bhreise ar fáil don choiste i mBaile na Finne lena suíomh idirlín a fhorbairt www.bailenafinne.ie Tá suíomh idirlín pobail á fhorbairt ag an choiste oidhreachta i mBaile Suingean chomh maith.

Monatóireacht & Meastóireacht

Ag cruinniú leis an chomhlacht meastóireachta i mí Aibreáin fuarthas amach go raibh deacrachtaí ag an chomhlacht an obair a chríochnú taobh istigh den am a leagadh síos. Aontaíodh gur chóir socruithe eile a dhéanamh. Rinneadh na roghanna éagsúla a phlé agus bhíothas den tuairim go mbeadh an tIonad Taighde agus Polasaí i nDún na

nGall ag fóirstean. D'fhóirfeadh an taithí a bhí ag an lonad roimhe sin i dtaighde agus i gcomhairle phobail, d'fhóirfeadh sin don bhéim a chuireann Taobh Tíre ar chúrsaí tuaithe, comhpháirtíochta agus pobail.

Le tuilleadh eolais, féach chomh maith

Tuairisc 1 Nollaig 2002 – Márta 2003

Tuairisc 2 Aibreán 2003 – Iúil 2003

Tuairisc 3 Lúnasa 2003 – Samhain 2003

Tuairisc 4 Nollaig 2003 – Márta 2004

Tuairisc 5 Aibreán 2004 – Iúil 2004

Tuairisc 6 Lúnasa 2004 – Samhain 2004

Tuairisc 7 Nollaig 2004 – Márta 2005

Nó téigh i dteagmháil le:

Donna Quinn, Comhordaitheoir an Tionscadail, Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Aonad 7, Bóthar na Deilge, Magherennan, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall.
Guthán 074 9168743
Ríomhphost: dquinn@donegalcoco.ie
www.donegallibrary.ie